

Braitheann an todhchaí ort féin



An Chomhdháil
ar Thodhchaí
na hEorpa

Painéil na Saoránach Eorpach

Is príomhghné den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa iad **Painéil na Saoránach Eorpach**, ar beart ceannródaíoch iad ó thaobh an daonlathais dhioscúrsaigh de san Aontas Eorpach.

Tugann na Painéil **ról níos fairsinge do shaoránaigh** i ndáil le beartais agus uaimhianta an Aontais amach anseo a mhúnlú. Tiocfaidh sampla ionadaíoch de **800 saoránach** le chéile agus pléifidh siad todhchaí na hEorpa chun moltaí beartais a cheapadh maidir leis na príomhábhair a dtugtar aghaidh orthu ar Ardán digiteach ilteangach na Comhdhála.

Cuirfear na moltaí sin **san áireamh sa phlé foriomlán a dhéanfar ag an gComhdháil** maidir le hobair leantach.

Cé a bheidh ar na painéil?




- 4 phainéal de **200 saoránach** a bheidh roghnaithe go randamach, ó na **27 mBallstát**
- **Ionadaíocht ar éagsúlacht an Aontais Eorpaigh**: tionscnamh geografach, inscne, aois, cúlra socheacnamaíoch agus leibhéal oideachais
- **Daoine óga** (16-25 bliana d'aois) a dhéanfaidh suas **1/3** de gach painéal

Cuir do thuairim chun tosaigh

<https://futureu.europa.eu>

Cad a phléifear?

- **4 phainéal a chlúdóidh ábhair éagsúla** agus am curtha ar leataobh le haghaidh plé ón mbun aníos:



Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta, poist/oideachas, an óige, cultúr, spórt/clochlú digiteach (17-19/09; 5-7/11; 3-5/12)



Luachanna, cearta, an smacht reachta, daonlathas, slándáil (24-26/09; 12-14/11; 10-12/12)



An t-athrú aeráide, an comhshaol/sláinte (1-3/10; 19-21/11; 7-9/01/2022)



An tAontas Eorpach sa domhan mór/imirce (15-17/10; 26-28/11; 14-16/01/2022)

Conas agus cathain a bheidh sé ar siúl?



3 sheisiún de 2 lá ar a laghad in aghaidh an phainéil, ó Mheán Fómhair 2021 go mí Eanáir 2022



Imeachtaí fisiciúla & seisiúin ar líne, ag brath ar staid COVID-19



Painéil ilteangacha (24 theanga oifigiúla an Aontais sna Painéil iomlánacha)

Cén toradh a bheidh ar na Painéil?

- **Pléifidh na Painéil na tuairimí a bhaileofar ar an [Ardán Digiteach](#). Déanfaidh siad sraith moltaí a fhoirmliú le go bhféadfaidh an tAontas obair leantach a dhéanamh ina leith, rud a phléifear ag Cruinniú lomlánach na Comhdhála.**
- **Ionadaithe ó gach Painéal Saoránach Eorpach, a mbeidh aon trian de ar a laghad faoi bhun 25 bliana, glacfaidh siad páirt sa Chruinniú lomlánach, ina ndéanfaidh siad toradh a bpléítí a chur i láthair agus a phlé le rannpháirtithe eile.**
- **Coinneofar rannpháirtithe an phainéil ar an eolas faoin méid a dhéanfar ar bhonn a gcuid moltaí. Reáchtálfar imeacht a bheidh tiomnaithe d'aiseolas a fháil ag deireadh an phróisis.**



Is féidir súil a choinneáil ar dhul chun cinn na bpainéal ar an ardán digiteach: <https://futureu.europa.eu>.

Cuir do thuairim chun tosaigh



An Chomhdháil
ar Thodhchaí
na hEorpa

© An tAontas Eorpach, 2021

Ceadaítear athúsáid an doiciméid seo, ar choinníoll go dtugtar creidiúint chuí agus go léirítear na hathruithe a dhéantar. (Ceadúnas idirnáisiúnta Creative Commons Attribution 4.0). Chun gnéithe nach leis an Aontas Eorpach iad a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé go mbeadh ort cead a lorg go díreach ó na sealbhóirí cirt féin. Gach iomhá © An tAontas Eorpach, mura sonraítear a mhalairt. Deilbhíní © Flaticon – gach ceart ar cosaint.